


Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 14

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 14” ar CD an Dalta.



1. Triantán dronuilleach atá sa léaráid. Tógadh trí chearnóg ar shleasa an triantáin dhronuilligh sin.

Scríobh síos achar na dtrí chearnóg.

An Chearnóg Dhearg _____

An Chearnóg Ghorm _____

An Chearnóg Uaine _____

Suimigh achar na Cearnóige Goirme le hachar na Cearnóige Uaine:

Achar na Cearnóige Goirme + Achar na Cearnóige Uaine = _____

An bhfuil an tAchar iomlán sin cothrom le hAchar na Cearnóige Deirge? _____

2. Tarraing an Barra Sleamhnáin faoi chlé.

Scríobh síos achar na dtrí chearnóg anois.

An Chearnóg Dhearg _____

An Chearnóg Ghorm _____

An Chearnóg Uaine _____

Suimigh achar na Cearnóige Goirme le hachar na Cearnóige Uaine:

Achar na Cearnóige Goirme + Achar na Cearnóige Uaine = _____

An bhfuil an tAchar iomlán sin cothrom le hAchar na Cearnóige Deirge? _____

3. Tarraing an Barra Sleamhnáin faoi dheis.

Scríobh síos achar na dtrí chearnóg anois.

An t-achar sa Chearnóg Dhearg _____

An t-achar sa Chearnóg Ghorm _____

An t-achar sa Chearnóg Uaine _____

Suimigh achar na Cearnóige Goirme le hachar na Cearnóige Uaine:

Achar na Cearnóige Goirme + Achar na Cearnóige Uaine = _____

An bhfuil an tAchar iomlán sin cothrom le hAchar na Cearnóige Deirge? _____

4. Scríobh síos i d'fhocail féin an tátal is féidir a bhaint as na freagraí ar cheisteanna 1, 2 agus 3 _____

5. Cliceáil an Ticbhosca sa chomhad idirghníomhach agus léireofar foclaíocht na teorime. An é sin an tátal a bhain tú as? _____
6. Más é a^2 achar na Cearnóige Deirge, más é b^2 achar na Cearnóige Goirme agus más é c^2 achar na Cearnóige Uaine, an é an tátal thíos atá le baint as an méid sin?
 $a^2 = b^2 + c^2$ _____
7. Más é a^2 achar na Cearnóige Deirge, más é b^2 achar na Cearnóige Goirme agus más é c^2 achar na Cearnóige Uaine, an é an tátal thíos atá le baint as an méid sin?
 $b^2 = a^2 + c^2$ _____
8. Más é d^2 achar na Cearnóige Deirge, más é g^2 Achar na Cearnóige Goirme agus más é u^2 achar na Cearnóige Uaine, an é an tátal thíos atá le baint as an méid sin?
 $d^2 = g^2 + u^2$ _____